


Coláistí Chorca Dhuibhne

Liosta do Thuismitheoirí

Parent's List



Learn to Love Irish on the Dingle Peninsula



A Scoláire/A Thuismitheoirí/A Chaomhnóirí

Dear Student/Parents/Guardians

Ár mbuíochas as d'iaratas. Tá súil againn go bhfuil tú ag tnúth le do thuras go Corca Dhuibhne.

Ionas go mbainfidh tú sásamh agus tairbhe as an dtréimshe i nGaeltacht Chorca Dhuibhne tá bileog eolais anseo a chabhróidh leat leis an réamhullmhuchán don turas.

Thank you for your application. We hope you are looking forward to your trip to Coláistí Chorca Dhuibhne.

This is an information leaflet containing all relevant information to help you prepare for your trip to the Gaeltacht.

Nithe le Tabhairt leat

Moltar do scoláire na nithe seo a leanas a thabhairt leis/léi: Tuáillí, Gallúnach, Cóta Báistí, Éadaí Snámha, Uachtar Gréine, Éadaí don Seó Tallainne agus na céilithe éagsula, Cosaint Fiacla, Seaicéid

Buí Sofheicthe, Bróga Reatha/Siúil, Clogad (má tá camán á thabhairt agat), Triomadóir (roghnach), Cárta Taistil an Mhic Léinn. **Ábhar don Rang:** Cóipleabhar, Foclóir, Leabhar Gramadaí, Pinn, Pinn Luaidhe.



Students are Requested to Bring the Following to the College

*Towels, Soap, Rain Gear, Slippers, Swimwear, Sun lotion, Costumes for Fancy Dress and Themed Céili's if possible, Gumshield, Yellow High Visibility Vest, Runners/Walking Shoes, Helmet (if you are bringing a hurley), Hair Dryer (if you wish), Student Travel Card. **Writing Materials:** Copybook, Dictionary, Grammar book, Pens and Pencils.*

Taisteal/Travel

Taistealóidh scoláirí go Corca Dhuibhne ar a gcostas féin. Cuirfear gach eolas faoi chúrsaí taistil ar aghaidh tuairim is coicís roimh thús an chúrsa.

Students will travel at their own expense. All details concerning travel will be issued approximately two weeks before the commencement of each course.

Sláinte/Health

Ba mhór againn eolas a bhaineann le cúrsaí sláinte an dalta a fháil. Leanfaimid pé comhairle a fhaighimid. Beidh dochtúir ar fáil ag am ar bith ach ní bheidh Coláistí Chorca Dhuibhne freagrach as táillí dochtúra. Cuirfear eolas/sonrasc go dtí tuismitheoirí/caomhnóirí maidir le táillí dochtúra. Ba mhaith linn dá mbeadh uimhir an chárta shláinte nó árachas sláinte ag an scoláire le bhur dtoil chun costaisí a chlúdach sa chás go mbeadh air/uirthi cóir leighis a fháil agus iad anseo.

We would appreciate information on any health problems which a student may have. Advice given to us will be followed. A Doctor is available at all times but the College will not be responsible for the cost of prescriptions or hospitalisation. Parents will be notified/invoiced for doctor's fees. We would appreciate that your child has information regarding medical card/health insurance details to cover costs the student may incur during his/her stay in the Gaeltacht.

Fón Póca/Mobile Phone



Ní bheidh cead ag daltaí an fón póca a úsáid ach ar feadh uair a chlog gach tráthnóna tar éis Am Spóirt agus arís ar feadh 10 nóiméad tar éis an chéilí. Beidh teacht ar an bhfón an t-am ar fad i gcás práinne ach fios a chur ar Bhean an Tí nó Príomhoide an chúrsa. Is féidir le tuismitheoirí/caomhnóirí gaoch ar Phríomhoide an chúrsa ag aon am. Tabharfar an uimhir seo duit ag an gClárú.

The use of mobile phones will be restricted during the course. Students will have use of their mobile for one hour each evening after sports and again for 10 minutes after the céilí. The Principal/Bean an Tí will always allow access to their own phone in case of an emergency. To make contact with the course staff at any other time, you can call the Principal. This number will be issued at Registration.

Rothar/Bicycle



Ní molar rothar a thabhairt chun an Choláiste. Tá gá le clogad má thugann tú do rothar. Molar do dhaltaí gan rothair a thabhairt leo ar an traein go Trá Lí. Níl aon áis ar an mbus chun rothair a iompar go dtí Coláistí Chorca Dhuibhne. Caithfidh daltaí ar mian leo rothar a thabhairt leo, iad a thabhairt ar chóras príobháideach. Níl rothair ceadaithe i gColáiste Íde.

We do not encourage students to bring their bicycles. They are not restricted however. A helmet is necessary with bicycle. Students are advised not to bring bicycles by train to Tralee. There is no facility on the bus for transportation of bicycle to the Centre. Students wishing to bring bicycles to Corca Dhuibhne must do so privately or by Courier. Bicycles are not permitted at Coláiste Íde.



Hair Straighteners/Portable DVD Player/Sliotar ❌

Tá cosc iomlán ar na nithe seo. *These items are strictly forbidden.*

Fón Ceamara, Taibléad, iPad/Camera Phones, Tablet, iPad

Ní féidir fón a cheannach gan cheamara. Déanfar smachtbhannaí a chur i bhfeidhm ar aon mhí-úsáid ghléasanna ceamara. Is faoi réir Phríobháideachtas Leanaí an riail seo.

It is virtually impossible to buy a phone without a Camera. Misuse of camera devices will be subject to sanctions. These guidelines are in relation to Child Privacy.

Airgead Póca/Pocket Money €

Molaimid do dhaltaí beagán airgid póca a thabhairt leo don siopa. Beidh earraí/cochail do chuid Choláistí Chorca Dhuibhne ar díol le linn an chúrsa, más mian leo iad a cheannach. Beidh am saor ag daltaí sa Daingean chun pósa spaist-eoireachta a dhéanamh. Tá sé áisiúil chomh maith sa chás go gcaithfidh an dalta cuairt a thabhairt ar an ndochtúir.



We advise to bring some Pocket Money as this will be needed for the local shop. Also the students have free time in Dingle town on one of the days. Coláistí Chorca Dhuibhne merchandise/hoodies will be available to purchase during the course, if students wish to purchase same.

Níochán/Laundry



Tabharfaidh Bean an Tí aire don níochán don tréimhse sa Ghaeltacht. Is féidir le daltaí a bheidh ag fanacht i gColáiste Íde úsáid a bhaint as seirbhís níocháin saor in aisce.

Bean an Tí will wash the student's clothes for the duration of their stay at the College. Students staying at Coláiste Íde will avail of a launderette facility free of charge.

Cuairteanna/Visiting Hours

Tá céad míle fáilte roimh thuismitheoirí, roimh chaomhnóirí agus roimh chlannaibh cuairt a thabhairt ar na daltaí ar an nDomhnach. De ghnáth imíonn siad tar éis Aifrinn/11.00rn (treoir ón bPríomhoide) nó má imíonn siad ó Bhean an Tí beidh foirm le siniú. Molaimid na daltaí a bheith thar n-ais sa tigh don suipéar ar 5.30in. Iarrtar ar na thuismitheoirí a thógann dalta agus/nó cara leis an dalta ón gcúrsa, lasmuigh de na laethanta do chuairoteoirí, cead i scríbhinn a lorg trí ríomhphost a sheoladh chun na hoifige ag eolas@colaiste.ie faoina 3.00in ar an Aoine roimhe. Caithfidh thuismitheoir gach páiste atá i gceist cead a scríbhinn a chur ar fáil.

Parents/Guardians/Families are welcome to visit on Sunday's, generally after Mass/11.00am (Principal will give information about this). Students leaving from the house will sign a form at the house of Bean an Tí. Students are advised to be back for supper in the evening at 5.30pm. If you are taking your child, or a friend's child out, outside of this arrangement, we require written permission from each child's parent, via e-mail by 3pm the Friday beforehand.

Uirlisí Ceoil/Musical Instruments

Cuirfear fáilte is fiche roimh dhaltai a bhfuil ceol/amhránaíocht /rince acu. Beidh am ar leith curtha ar fáil dóibh chun cleachtadh a dhéanamh agus cuirfear tacaíocht ar fáil dóibh. Cuirfear fáilte rompu taispéantas a dhéanamh ag an gCéilí srl.

Students who play musical instruments/sing/dance are especially welcome! Time will be allocated within the course to practice and support will be made available to them. Students will be welcome to play at the Céilí etc.

Suíomh Idirlín/Website

Tá gach eolas ar fáil ar **www.colaiste.ie** Is féidir an táille don gcúrsa a íoc ar líne anois le Laser nó Cárta Creidmheasa.

*All information is also available on our website. The facility to carry out payments online is also available **www.colaiste.ie**.*

Tá de chead ag Coláistí Chorca Dhuibhne iarratas a dhiúlú. Níl aon deimhin ann go gcuirfear scoláire sa choláiste nó sa tigh is rogha leis/léi féin.

Coláistí Chorca Dhuibhne reserve the right to refuse any application and cannot guarantee accommodation of preference.

Módhanna Íocaíochta Solúbtha/Flexible Payment Methods

Is féidir éarlais de €220 a íoc leis an bhfhoirm iarratais agus ansin ní mór an t-iomlán a bheith íochta ina thráthchodanna le Coláistí Chorca Dhuibhne sula dtosnaíonn an cúrsa.

The flexible payment option we are offering is as follows:€220 deposit with application form and the balance in instalments to Coláistí Chorca Dhuibhne before the course commences.



Rialacha an Choláiste/College Rules

Ní mian leis an gCoiste go mbeadh liosta fada rialacha le coiméad ag na mic léinn. Tá roinnt bheag rialacha simplí ann afách agus iarrtar ar thuismitheoirí aird na mic léinn a dhíriú orthu roimh theacht go dtí an Ghaeltacht dóibh. Aon mhic léinn a sharóidh na rialacha cuirfear abhaile é/í agus caillfidh sé/sí táille an chúrsa chomh maith.

- 1 Ní cheadaítear do mhic léinn ach Gaeilge a labhairt ar an gcúrsa.
- 2 Caithfidh gach mac léinn déanamh de réir na dtreoracha a fhaigheann sé ón bPríomhoide, ó oidí, ó bhean an tí agus ó cheannairí.
- 3 Caithfidh gach mac léinn a bheith istigh sa tigh lóistín tar éis an chéilí ag an am atá socraithe agus ní bheidh cead aige/aici fágaint ina dhiaidh sin roimh 9.00 maidin lá arna mháireach. Baineann an Rial seo freisin le daltaí a thógann Tuismitheoir/Caomhnóir ón gColáiste don lá nó cuid den lá.
- 4 Tá úsáid nó seilbh tobac, deochanna meisciúla nó druga do shaghas ar bith, coiscithe chomh maith le dul isteach go tigh tábhairne.
- 5 Caithfidh na mic léinn rialacha an bhóthair a chomhlíonadh. Tabhair leat seaicéid buí sofheicthe.
- 6 Beidh srian ar úsáid fón póca i rith an chúrsa.
- 7 Cosc ar úsáid díbholaíoch aeroasól.
- 8 Is é/í an Príomhoide an chéad phointe teagmhála le linn an chúrsa.

The Committee does not believe in having a long list of rules which students must obey. There are a few simple rules and it is requested that these be brought to the student's attention before coming to the Gaeltacht. Contravention of these rules will result in the student being sent home from the course and forfeiting the course fee.

- 1 *Students must speak Irish at all times.*
- 2 *All students must obey instructions received from the Headmaster, Teachers and Assistants.*
- 3 *All students must return to their houses from the céilí at the appointed time and are not permitted to leave thereafter prior to 9.00am on the following morning. This also applies to students taken out for the day or part of the day by Parents/Guardians.*
- 4 *Possession or use of tobacco, alcoholic drink or addictive substances is prohibited. Students are not allowed to enter a licensed premises.*
- 5 *Students must comply with the rules of the road. Bring a yellow high visibility vest.*
- 6 *The use of mobile phones will be restricted during the course.*
- 7 *No aerosol deodorants permitted.*
- 8 *The Principle is the first point of contact in relation to the course.*

Coláistí Chorca Dhuibhne

Áras Bhréanainn, Baile an Fheirtéaraigh, Trá Lí, Co. Chiarraí.

Fón: 066-915 6100 | R-phost: eolas@colaiste.ie

